C/2026/5003

28.9.2026

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an 22 Meán Fómhair 2026

lena ndéantar duine a chur in ionad comhalta malartach de Bhord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú thar ceann na Gearmáine

(C/2026/5003)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/127 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Eanáir 2019 lena mbunaítear an Foras Eorpach chun dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú (Eurofound), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1365/75 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 4 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh an 28 Márta 2023 ([2]), cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú don tréimhse ón 1 Aibreán 2023 go dtí an 31 Márta 2027.

(2) Tá suíochán comhalta mhalartaigh i gcatagóir na n-ionadaithe rialtais tagtha chun bheith folamh anois mar gheall ar Merle ROTTSCHÄFER a bheith éirithe as oifig.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag Rialtas na Gearmáine don suíochán folamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Robin Niklas TOELEN ina chomhalta malartach de Bhord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú in ionad Merle ROTTSCHÄFER, go ceann a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 31 Márta 2027.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

T. BYRNE

([1]) IO L 30, 31.1.2019, lch. 74.

([2]) Cinneadh ón gComhairle an 28 Márta 2023 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú (Eurofound) (IO C 116, 31.3.2023, lch. 23).